



Green-Schools

 **An Taisce**

ACMHAINN 'SAOR Ó PHLAISTEACH'

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



CAD IS PLAISTEACH ANN?

Is ábhar de dhéantús an duine é plaisteach, a chruthaítear le hola de ghnáth.

Ceapadh den chéad uair é breis agus 100 bliain ó shin.

Breathnaigh thart, tá plaisteach gach áit!

Is ábhar saor, éadrom, buanfasach é.

Is féidir é a théamh agus a dhoirteadh i múnlaí chun nithe eile a chruthú, amhail bréagáin, buidéil, troscán agus a lán rudaí eile.

Is féidir snátha caola a dhéanamh de agus iad a fhí le chéile chun éadaí ar nós cótaí báistí a dhéanamh.

Is cineálacha plaistigh iad Níolón, Kevlar agus Styrofoam.





CÉN CHAOI A nDÉANTAR PLAISTEACH?

<https://www.youtube.com/watch?v=lwdUwffecsM>

01

Ní ábhar
in-bhithmhille
an plaisteach

02

Plaistigh
aonúsáide

03

Ó bhreolaí
iontaise a
thagann sé


04

Ábhair imní ó
thaobh daoine
agus an
chomhshaoil de

AN FHADHB LE PLAISTEACH



NÍ ÁBHAR IN-BHITHMHILLTE AN PLAISTEACH

- 
- Ní bhriseann sé anuas mar a dhéanann páipéar, éadach nó adhmaid
 - Briseann sé ina phíosaí níos lú mar gheall ar sholas na gréine ach ní lobhann sé
 - Síleann ainmhithe mara gur planctón iad píosaí beaga plaistigh agus itheann iad
 - Féadann dramhaíl phlaistigh dochar a dhéanamh d'ainmhithe mara agus dul tríd an mbiashlabhra a fhad le daoine

PLAISTIGH AONÚSÁIDE

- Is plaistigh indiúscartha iad plaistigh aonúsáide
- Úsáidtear ar feadh cúpla nóiméad iad ach fanann siad inár gcomhshaol ar feadh na gcéadta blianta
- Ní chosnaíonn sé mórán plaisteach a úsáid agus, mar sin, roghnaíonn déantúsóirí é seachas ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol
- Samplaí de phlaisteach aonúsáide iad sceanra plaisteach, buidéil phlaisteacha agus clúdaigh phlaisteacha do do chupán caife
- Níl gach cineál plaistigh in-athchúrsáilte agus cuirtear a lán de chuig líonadh talún

Ó BHREOSLAÍ IONTAISE A THAGANN SÉ

- Úsáidtear breoslaí iontaise, amhail peitiriam agus gás, chun plaistigh a dhéanamh
- Níl peitiriam ná gás in-athnuaite. Mura stadaimid d'úsáid breoslaí iontaise, beidh orainn stopadh pé scéal é óir beidh siad rite agus níl de chumas ionainn tuilleadh a dhéanamh
- Nuair a bhainimid breoslaí iontaise as an talamh déanaimid dochar don chomhshaol
- Truaillíonn siad an t-aer agus an t-uisce
- Scéalta móra nuachta iad nuair a dhoirtear lear mór ola ach is é fírinne an scéil go dtarlaíonn sé ar scála beag gach uile lá beo agus déantar dochar d'fhiadhúlra mairí



ÁBHAIR IMNÍ Ó THAOBH DAOINE AGUS AN CHOMHSHAOIL DE

- Féadann ainmhithe mara dul i bhfostú i ndramhaíl phlaisteach, rud a dhéanann dochar dóibh
- Síleann ainmhithe mara gur bia é bruscar muirí. Féadann ainmhithe tachtadh ar bhruscar muirí má itheann siad é, é sin nó líonann a mbolg le plaisteach, éiríonn siad tinn agus ní féidir leo ithe a thuilleadh
- Tá ceimiceáin thocsaineacha ina lán cineálacha plaistigh agus is ábhar imní iad sin ó thaobh shláinte an duine de

DRAMHAÍL PHLAISTEACH AGUS FIADHÚLRA MUIRÍ



Tá ceimiceáin
thocsaineacha
iontu



Scaoileann siad
ceimiceáin
thocsaineacha
isteach san uisce



Thángthas ar na
ceimiceáin seo
taobh istigh de
ainmnithe mara,
amhail éisc,
mamaigh agus
éin



Téann ainmhithe
mara i bhfostú
ann



Slogann
ainmhithe mara
iad

NACH BHFUIL AN PLAISTEACH THAR BARR? NÍL!

Is d'ola agus de leachtanna gáis nádúrtha (breoslaí iontaise) a dhéantar bunús na bplaisteach




Ar fud na cruinne, ceannaítear milliún buidéal plaisteach GACH NÓIMÉAD

Táirgeann Éire níos mó plaistigh ná tír ar bith eile san Eoraip- 61kg an duine ar an meán in aghaidh na bliana




In 2016, rinne Éire 95% dá cuid dramhaíola plaistí a easpórtáil chun na Síne



Plaisteach inár n-aigéin is cúis le bás na milliún éan mara, le cois mamaigh mhara, gach bliain

Tógann sé níos mó ná 400 bliain ar phlaisteach díghrádú



Má leanann na treochtaí mar atá faoi láthair, faoi 2050 beidh 12 bhilliún tonna méadrach de phlaisteach i líonadh talún. Tá sé sin thart ar 35,000 uair níos troime ná an *Empire State Building* i Nua-Eabhrac.



LEIDEANNA LE SEOMRA RANGA SAOR Ó PHLAISTEACH A CHRUTHÚ

Úsáid	Úsáid buidéal uisce in-athúsáidte
Roghnaigh	Roghnaigh pinn luaidhe nó pinn atá déanta as ábhar athchúrsáilte
Malartaigh	Malartaigh tuáillí páipéir (a bhfuil fillteog phlaisteach orthu) ar thuáillí éadaigh
Seachain	Seachain málaí plaisteacha bia. Úsáid bosca lóin in-athúsáidte
Déan	Déan fillteoga céarach bia le do cheapairí, cáis, srl. a chumhdach i do bhosca lóin
Ná lannaigh	Ná lannaigh páipéar. Úsáid pócaí plaisteacha in-athúsáidte ina ionad sin

Cistin	Seomra suí	Seomra folctha	Seomra codlata
M.sh. Mála plaisteach			

CÁ BHFUIL AN PLAISTEACH AGAT SA BHAILE?

Iniúchadh a dhéanamh sa bhaile an chéad chéim le bheith saor ó phlaisteach. Faigh amach cad iad na rudaí is measa sa bhaile agat agus ansin beidh tú in ann iad a laghdú nó fáil réidh leo go hiomlán

LEIDEANNA LE BHEITH SAOR Ó PHLAISTEACH SA BHAILE



Éirigh as soip a úsáid



Triail scuab fiacla bambú



Úsáid barraí gallúnaí seachas buidéil a bhfuil pumpaí orthu



Cuir cosc ar cheirtíní. Úsáid tuáille aghaidhe ina n-áit



Roghnaigh siopa áitiúil torthaí agus glasraí in áit ollmhargaidh chun pacáistíocht phlaisteach a sheachaint



Abair go sonrach nach bhfuil sceanra plaisteach uait nuair a ordaíonn tú béile le tabhairt leat



Déan do tháirgí nádúrtha glantacháin féin



SIOMBAILÍ ATHCHÚRSÁLA

- An bhfuil a fhios agat cad is brí leis na siombailí seo?
- An síleann tú go bhfuil a fhios ag mórán daoine cad is brí leo?
- Cé na rudaí a bhfuil na siombailí seo feicthe agat orthu?

Téigh ar aghaidh chuig an gcéad sleamhnán eile chun a fháil amach cad is brí le gach siombail



- Meabhrúchán í an tsiombail seo gan bruscar a chaitheamh.
- Iarrann sí ort fáil réidh leis an bpacáistíocht ar shlí shábháilte, chúramach



- Tá airgead curtha ar fáil ag táirgeoirí agus soláthraithe an táirge le tacú le hathchúrsáil na pacáistíochta.
- Ní chiallaíonn an tsiombail seo go bhfuil an phacáistíocht in-athchúrsála



- Lúb Mobius a thugtar air seo.
- Léiríonn sé gur féidir an phacáistíocht, nó cuid de ar a laghad, a athchúrsáil.
- Ach ní chiallaíonn sé as féin go nglactar leis in áiseanna athchúrsála in Éirinn.

PLAISTEACH A ATHCHÚRSÁIL

						
PETE	HDPE	PVC	LDPE	PP	PS	OTHER
polyethylene terephthalate	high-density polyethylene	polyvinyl chloride	low-density polyethylene	polypropylene	polystyrene	other plastics, including acrylic, polycarbonate, polyactic fibers, nylon, fiberglass
soft drink bottles, mineral water, fruit juice container, cooking oil	milk jugs, cleaning agents, laundry detergents, bleaching agents, shampoo bottles, washing and shower soaps	trays for sweets, fruit, plastic packing (bubble foil) and food foils to wrap the foodstuff	crushed bottles, shopping bags, highly-resistant sacks and most of the wrappings	furniture, consumers, luggage, toys as well as bumpers, lining and external borders of the cars	toys, hard packing, refrigerator trays, cosmetic bags, costume jewellery, CD cases, vending cups	


- Tá an tsiombail seo ar an gcuid is mó d'earraí plaisteacha agus creideann a lán daoine gurb ionann sin agus é a bheith in-athchúrsáilte. Ach ní mar sin atá.

- Léiríonn an tsaighead sa triantán an cineál plaistigh atá ann agus cibé acu atá nó nach bhfuil sé in-athchúrsáilte



- An chéad uair eile a cheannóidh tú earra a bhfuil pacáistíocht phlaisteach aige, seiceáil cén cineál plaistigh atá ann agus an bhfuil sé in-athchúrsáilte.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ 'SAOR Ó PHLAISTEACH'



CIORCLAIGH NA
hEARRAÍ IS DÓIGH
LEAT A BHFUIL
PLAISTEACH IONTU



LIOSTAIGH RUDAÍ A
D'FHÉADFÁ A ÚSÁID
IN ÁIT NA nEARRAÍ
COITIANTA
PLAISTEACHA SEO

Mála plaisteach

.....

Sop Plaisteach

.....

Cupán caife agus
clúdach

.....

Scannán cumhdaithe

.....

Folcadh aghaidhe
micreachoirníní

.....

Sceanra plaisteach


.....

Torthaí mionghearrtha
i bpacáistíocht
phlaisteach

.....

Scuab fiacla

.....



DATHÚCHÁN


T	F	U	D	P	K	O	U	M	P
H	E	P	I	S	O	X	A	I	C
C	A	B	Á	A	I	L	X	C	W
O	S	F	S	G	Á	A	Ú	R	A
Í	A	C	Ú	M	A	T	I	E	L
T	C	M	N	S	J	H	L	A	Z
S	H	L	O	J	F	C	L	C	C
I	T	L	A	K	O	H	I	H	O
Á	B	A	G	F	R	Ú	A	O	M
C	J	É	P	O	R	R	U	I	H
A	R	D	X	D	Q	S	R	R	S
P	V	I	N	N	G	Á	T	N	H
X	Y	U	O	J	G	I	W	Í	A
Y	A	B	A	W	L	L	K	N	O
L	Í	A	H	M	A	R	D	Í	L
H	C	A	E	T	S	I	A	L	P

AIMSIGH SA CHUARDACH FOCAL NA FOCAIL A BHAINNEANN LE TRUAILLIÚ PLAISTEACH

- Truailliú
- Comhshaol
- Plaisteach
- Micreachoirníní
- Dramhaíl
- Aonúsáid
- Pacáistíocht
- Mála
- Athchúrsáil
- Buidéal
- Feasacht

SCRÍBHNEOIREACHT CHRUTHAITHEACH

Samhlaigh gur turtar mara thú.
Tá tú ag fágáil na trá ar rugadh
thú uirthi chun na mílte
ciliméadar a thaisteal trasna na
n-aigéan sa tóir ar an mbia is
fearr leat, smugairle róin. Scríobh
gearrscéal faoi d'aistear agus
déan cur síos ar an truailliú
plaisteach ar tháinig tú air ar an
mbealach.






NÍ THÓGANN SÉ ACH PÍOSA AMHÁIN DRAMHAÍOLA TRUAILLITHE
CHUN BOSCA IOMLÁN ATHCHÚRSÁLA A CHUR Ó MHAITH

Dear póstaer chun feasacht a ardú ar cad ba chóir agus nár chóir a dhéanamh maidir le hathchúrsáil





FÍSEÁIN

- Plastic Planet
<https://www.youtube.com/watch?v=73sGgmZoMBQ>
- Déanann páistí beart in éadan plaisteach san aigéan
<https://www.youtube.com/watch?v=hKFV9lquMXA>
- Coinfití Aigéin, dúshlán na micreaphlaisteach
- <https://thekidshouldseethis.com/post/85747435912>
- Conas is féidir plaistigh a choinneáil amach as ár n-aigéan
<https://www.youtube.com/watch?v=HQTUWK7CM-Y>
- Forbraíonn mac léinn aireagán chun micreaphlaistigh a ghlanadh
<https://www.inverse.com/article/47488-young-innovator-anna-du-rov-microplastic>

FREAGRAÍ



CIORCLAIGH NA
hEARRAÍ IS DÓIGH
LEAT A BHFUIL
PLAISTEACH IONTU



LIOSTAIGH RUDAÍ A
D'FHÉADFÁ A ÚSÁID
IN ÁIT NA nEARRAÍ
COITIANTA
PLAISTEACHA SEO

Mála plaisteach
Mála cadáis

Sop Plaisteach
Sop miotail nó páipéir

Cupán caife agus
clúdach
Cupán in-athúsáidte

Scannán cumhdaithe
*Bosca lóin nó fillteog
chéarach*

Folcadh aghaidhe
micreachoirníní
*Folcadh aghaidhe
nádúrtha*

Sceanra plaisteach
*Sceanra miotail nó
bambú*

Torthaí mionghearrtha i
bpacáistíocht phlaisteach
*Ceannaigh torthaí,
mionghearr iad agus úsáid
bosca lóin*

Scuab fiacla
Scuab fiacla bambú

AIMSIGH SA CHUARDACH FOCAL NA FOCAIL A BHAINNEANN LE TRUAILLIÚ PLAISTEACH

T	F	U	D	P	K	O	U	M	P
H	E	P		S	O	X	A		C
C	A	B	A	A	I	L	X	C	W
O	S	F	S	G	A	A	Ú	R	A
	A	C	U	M	A	T		E	L
T	C	M	N	S	J	H	L	A	Z
S	H	L	O	J	F	C	L	C	C
	T	L	A	K	O	H		H	O
A	B	A	G	F	R	U	A	O	M
C	J	E	P	O	R	R	U		H
A	R	D	X	D	Q	S	R	R	S
P	V		N	N	G	A	T	N	H
X	Y	U	O	J	G		W		A
Y	A	B	A	W	L	L	K	N	O
L	Í	A	H	M	A	R	D	I	L
H	C	A	E	T	S	I	A	L	P

- Truailliú
- Comhshaol
- Plaisteach
- Micreachoirníní
- Dramhaíl
- Aonúsáid
- Pacáistíocht
- Mála
- Athchúrsáil
- Buidéal
- Feasacht



Green-Schools

 An Taisce



**An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil**
Department of Housing,
Planning and Local Government

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

